# FÓGRA SUÍMH

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta, Oifigí na Cathrach, Bloc 4, Urlár an Talún, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

**Láithreán:** Banc Newcomen, 16 Sráid an Chaisleáin, Baile Átha Cliath 8

**Togra:** De bhun na riachtanas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo i dtaca le forbairt atá beartaithe ar 16 Sráid an Chaisleáin, foirgneamh ar a dtugtaí Banc Newcomen (Déanmhas Cosanta). Is éard a bheidh san fhorbairt –

(A) Athchóiriú a dhéanamh ar Bhanc Newcomen (ar a dtugtaí Oifig na Rátaí roimhe seo), ar Déanmhas Cosanta é (Tag. Uimh. 2050), agus páirt-athrú a dhéanamh ar úsáid chun áiteanna ilchuspóireacha, saoráid don fhoireann agus do chuairteoirí, agus oifigí do Chomhairle Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tionónta amach anseo a sholáthar. Áireofar leis na hoibreacha seo fabraic stairiúil a chaomhnú agus a dheisiú, agus uasghráduithe ginearálta a dhéanamh chun ceanglais maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus le hinrochtaineacht a chomhlíonadh.
(B) An t-ardaitheoir ceithre stór a tógadh san fhichiú haois agus an staighre ag aghaidh thiar Bhanc Newcomen a scartáil.
(C) Ardaitheoir cúig stór nua agus staighre nua ag aghaidh thiar Bhanc Newcomen a thógáil, rud a sholáthróidh rochtain ar an íoslach.
(D) Céimeanna cloiche nua a shuiteáil lena bhfuil rochtain rampa don bhealach isteach ar Shráid an Chaisleáin san áireamh d'fhonn rochtain uilíoch agus pábháil choisithe fhadaithe a sholáthar, agus áit páirceála inrochtana amháin a athlonnú.
(E) Cuid den íoslach ag Sráid an Chaisleáin a oscailt agus soilse pábhála iarann teilgthe nua a bhfuil pánaí glónraithe acu a shuiteáil.

Tá an láithreán suite taobh istigh de 'Chrios Leasa Ailtireachta' chun críocha Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá an láithreán san áireamh taobh istigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) mar a shainmhínítear é i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-28.

Rinneadh scagadh maidir le Measúnacht Chuí faoi Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra. Tá measúnacht ar phriacail tuile, measúnacht seandálaíochta agus measúnacht tionchair maidir le hoidhreacht ailtireachta ullmhaithe mar thaca leis na tograí seo.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 04/03/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT).

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt mholta, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe den cheantar ina mbeadh an fhorbairt suite a dhéanamh, i scríbhinn, leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm ar an **18/04/2024**.**nó ag https://consultation.dublincity.ie**